

Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála

Treoirlíne 2



**Cumarsáid
Éigeandála**



An Roinn Cosanta
Department of Defence

Clár na nÁbhar

Cumarsáid Éigeandála	1
Réamhrá	1
Cuspóir.....	1
Príomh Phrionsabail	1
Ról an tSeirbhís Eolais Rialtais (SER).....	2
Cumarsáid le linn céimeanna ullmhúcháin, freagartha agus téarnaimh.....	2
Straitéis Cumarsáide.....	2
Pleanáil Cumarsáide Éigeandála.....	3
An Plean Cumarsáide.....	3
Cumarsáid le linn na Freagartha.....	4
Sreabhadh Cumarsáide agus Faisnéise Oibriúcháin	4
Saintréithe de chumarsáid oibriúcháin éifeachtach.....	4
Bainistíocht Faisnéise	4
Tuairisc ar Staid Bainistíochta Éigeandála (SitRep).....	5
Na SitRepanna a Chomhdhlúthú	6
Tacaíochtaí ar fáil do Ranna	6
Ábhar Breise	6
Iarscríbhinn A: Ullmhú Córasach do Chumarsáid Éigeandála - Seicliosta	7
Aguisín 1 d'Iarscríbhinn A - Seicliosta Réamhphleanála:	7
Aguisín 2 d'Iarscríbhinn A - Seicliosta Cumarsáide do PRR:.....	9
Iarscríbhinn B: Tuairisc ar Staid Bainistíochta Éigeandála - SitRep.....	10
Iarscríbhinn C: Dréacht-Theimpléad de Phlean Cumarsáide Éigeandála	12

Cumarsáid Éigeandála

Réamhrá

1. Leis an *Treoirlíne um Bhainistíocht Straitéiseach Éigeandála 2 - Cumarsáid Éigeandála* tugtar treoir lena ndírítear ar:
 - a) Cumarsáid éifeachtach laistigh de ranna agus gníomhaireachtaí, d'fhonn gach céim den thimthriall bainistíochta éigeandála a éascú.
 - b) Cumarsáid leis an bpobal agus freagróirí, ar fud speictream iomlán na meáin, agus
 - c) Príomh-Ranna Rialtais (PRRanna) ag forbairt Straitéisí agus Pleananna Cumarsáide chun cumarsáid a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara, le freagróirí agus leis an bpobal.
2. Tá an bhéim ar an leibhéal straitéiseach agus náisiúnta, ag soláthar treoir do ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, go háirithe do na PRRanna atá freagrach as faisnéis agus comhairle a scaipeadh le linn eachtra éigeandála agus le linn na tréimhse athshlánaithe a thagann ina dhiadh.
3. Mar atá le gach cuid de Struchtúir agus Creat Náisiúnta na SEM, tá sé beartaithe a chinntiú go leanann Éire ag feidhmiú de réir dea-chleachtais idirnáisiúnta maidir le bainistíocht agus cumarsáid éigeandála
4. Taispeánann taighde agus cleachtas idirnáisiúnta go bhfuil gá le straitéis agus pleanáil chumarsáide éifeachtach d'fhonn dlisteanacht agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí ag gach céim den thimthriall bainistíochta éigeandála a chinntiú.
5. D'fhonn cumarsáid éigeandála éifeachtach a éascú, tá sé rithábhachtach iontaobhas poiblí i bpleanáil éigeandála a chruthú agus a chosaint.
6. Tá tuilleadh treoir maidir le hullmhú córasach i gcomhair cumarsáide éigeandála leagtha amach sa Seicliosta in Iarscríbhinn A, agus tá Dréacht-Theimpléad de Phlean Cumarsáid Éigeandála leagtha amach in Iarscríbhinn C.

Cuspóir

7. Is é cuspóir de gach cumarsáid éigeandála ná an pobal agus na freagróirí a chosaint, trína chinntiú go bhfuil an fhaisnéis is gá ar fáil chun cinnteoireacht thráthúil agus eolasach a éascú, agus go dtugtar faisnéis agus comhairle ábhartha, tráthúil, gonta, iomlán agus cruinn don phobal agus do na freagróirí maidir le héigeandálaí leanúnacha nó atá gearr uainn.

Príomh Phrionsabail

8. Plean:

Ba chóir go mbeadh Straitéis agus Plean Cumarsáide ag gach roinn agus gníomhaireacht lena ndírítear ar riachtanais de gach céim den bhainistíocht éigeandála. Ba cheart go gcuimseofar sa Phlean Cumarsáide príomhtheachtaireachtaí agus sonraí réamh-ullmhaithe de na bpríomhurlabhraí.

9. Faisnéis oscailte, tráthúil agus cruinn a roinnt

Ba cheart córais a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh faisnéis tráthúil agus cruinn ar fáil do gach PRR, do Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PFanna) agus na ranna agus na gníomhaireachtaí tacaíochta go léir chun freagraí ar theagmhas éigeandála a éascú.

10. Bain úsáid as bealaí éagsúla chun

cumarsáid a dhéanamh: Ba cheart go mbaineann PRRanna agus ranna agus gníomhaireachtaí tacaíochta úsáid as raon iomlán na meán atá ar fáil chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal, lena n-aithnítear go n-úsáidfidh gach cuid den phobal cineálacha éagsúla meáin chun iad féin a chur ar an eolas.

11. Teagmháil leis an bpobal:

Ba cheart go mbeadh cumarsáid éifeachtach ina phróiseas dhá bhealach, rud a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach go minic le linn éigeandála, ach ba cheart go gcuirfí bealaí ar fáil d'aiseolas an phobail agus ba cheart na bealaí seo a úsáid chun cabhrú le gníomhartha oifigiúla a chur ar an eolas agus ba cheart go mbeifear ábalta aghaidh a thabhairt ar ábhair inniúla an phobail agus ar mhífhaisnéis..

Ról an tSeirbhís Eolais Rialtais (SER)

12. Oibreoidh an SER go dlúth leis an PRR atá freagrach as ullmhú agus seachadadh cumarsáide maidir le gach saincheist bainistíochta éigeandála.

13. **Oiliúint agus cleachtaí:** Cuirfidh an SER comhairle ar fáil agus cabhróidh sé le cúrsaí oiliúna riachtanacha a bhunú chun oifigigh agus saineolaithe a ullmhú chun déileáil le gnéithe na meán maidir le bainistíocht éigeandála.

14. **Gnéithe de Phleananna a bhaineann leis na Meán:** Chomh maith leis an OEP, tabharfaidh an SER comhairle agus cabhair do ranna agus gníomhaireachtaí maidir le gnéithe bainistíochta na meán dá gcuid pleananna éigeandála.

15. **Le linn Éigeandála:** Oibreoidh an SER go dlúth leis an OEP chun tacaíocht a thabhairt do PRRanna maidir le déileáil leis na meán i rith chruinnithe den Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (GNCE). Ba cheart go n-áireofaí leis seo an fhaisnéis riachtanach a eagrú, na teachtaireachtaí riachtanacha a ullmhú, comhairle maidir le húsáid na meán éagsúil agus ullmhúchán praiticiúil d'urlabhraithe chun déileáil leis na meán.

16. Áireofar leis seo Grúpa Cumarsáide Éigeandála comhthreomhar á thionól ag an gCathaoirleach le haghaidh gach cruinniú den GNCE .

17. Sannfaidh an Grúpa Cumarsáide Éigeandála agus an SER foireann chun bainistiú a dhéanamh ar chreidiúnú, ar eagrú agus ar bhainistiú na meán sa NECC i gcomhair Comhdhálacha Preasa agus agallaimh nuair a thionóllann an NECC.

Cumarsáid le linn céimeanna ullmhúcháin, freagartha agus téarnaimh

Straitéis Cumarsáide

18. Ba cheart do gach PRR Straitéis Cumarsáide a chur ar fáil, ina dtugtar cur síos ar an gcaoi ar cheart dó cumarsáid a dhéanamh ó thaobh oibríochta de agus leis an bpobal araon i rith na gcéimeanna bainistíochta éigeandála. Ba cheart don straitéis breithniú a dhéanamh ar úsáid na Láithreán Gréasáin Idirlín agus na Meán Sóisialta chomh maith le craoladh teilifíse traidisiúnta agus Raidió, cló agus meán dhigiteacha eile. Ba cheart go ndéanfar breithniú sa straitéis ar úsáid d'fheachtais faisnéise chomhordaithe poiblí mar uirlisí chun míniú don phobal agus eolas a thabhairt dóibh agus feabhas a chur ar athléimneacht i gcás éigeandála. I bhFigiúr 1, léirítear cuid de na ceanglais a bhaineann le cumarsáid le linn céimeanna áirithe bainistíochta éigeandála.

Ullmhaigh	Freagar	Téarnaigh
Tuig	Tráthúil, Gonta, Iomlán agus Cruinn	Coinnigh le Faisnéis a chur ar fáil
Múin agus Dul i dTeagmháil	Na bealaí uile atá ar fáil	Leanúint ar aghaidh le monatóireacht agus
Pleanáil	Cumas	Déan measúnú
	Comhoibrigh agus a roinn	

Figiúr 1: Riachtanais chumarsáide le linn céimeanna áirithe bainistíochta éigeandála.

19. Ba cheart an Straitéis Cumarsáide a chur i bhfeidhm i bPlean Cumarsáide roinne/gníomhaireachta ilchineálach, chomh maith leis na forálacha i bpleananna éigeandála ar leith de na PRRanna.

20. Ba cheart go ndéileáiltear sa Straitéis Cumarsáide leis an bhféidearthacht go mbeidh ar an PRR cathaoirleach a dhéanamh ar chruinnithe nó iad a chur ar fáil don GNCÉ, agus i gceist anseo beidh orthu bainistíocht a dhéanamh ar an nGrúpa Cumarsáide Éigeandála GNCÉ agus agus páirt a ghlacadh ann.

Pleanáil Cumarsáide Éigeandála

21. Tá gach éigeandáil uathúil agus, dá bhrí sin beidh dúshláin chumarsáide éagsúla i gceist. Ba chóir go mbeadh pleanáil cumarsáide mar chuid lárnach de gach pleanáil agus ullmhúcháin éigeandála roinne/gníomhaireachta, agus ba cheart go mbeadh rannán cumarsáide ar leith i ngach plean éigeandála. I gcás rioscaí aitheanta, ba cheart doiciméid *Ceisteanna Coitianta (Ceisteanna Coitianta)* agus teachtaireachtaí samplacha a ullmhú agus a chleachtadh.

22. Le linn na céime pleanála, ba cheart do gach PRR breithniú a dhéanamh, i ndáil le gach ceann de na réimsí ar a bhfuil sí freagrach as, na riachtanais chun míniú don phobal agus teagmháil a dhéanamh leo d'fhonn éifeachtaí de theagmhas éigeandála a mhaolú má tharlaíonn sé i ndáiríre.

23. I ngach plean roinne/gníomhaireachta, ba chóir go mbeadh pleananna cumarsáide ann atá sainoiriúnaithe do gach riosca.

An Plean Cumarsáide

24. Seachas na gné chumarsáide de phleananna riosca ar leith, ba cheart go mbeadh Plean Cumarsáide Éigeandála ilchineálach ag PRR (féach Iarscríbhinn C - Dréacht-Theimpléad de Phlean Cumarsáid Éigeandála) chun go bhféadfaidh an PRR faisnéis agus comhairle thráthúil, ghonta, iomlán agus chruinn a sheachadadh agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le linn éigeandála ar bith.

25. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeifear in ann déileáil le héigeandáil a tharlaíonn go tapa, agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le solúbthacht bunaithe ar phleananna agus straitéisí réamhullmhaithe.

26. Ba chóir go mbeadh na Pleananna Cumarsáide:

- a) ailínithe leis na céimeanna éagsúla den timthriall bainistíochta éigeandála
- b) comhordaithe leis na pleananna de na ranna tacaíochta agus de ghníomhaireachtaí ábhartha eile
- c) san áireamh sna socruithe praiticiúla chun freagra tráthúil agus éifeachtúil a éascú
- d) glactha agus go dtuigeann gach duine ar fud na heagraíochta iad agus ba cheart go gceadaíonn Bord Bainistíochta an PRR iad
- e) cleachtadh, tástáil, athbhreithniú agus nuashonrú rialta a dhéanamh orthu ar bhonn leanúnach.

27. Ba cheart na príomhdhaoine a aithint agus a bheith oilte chun an plean a chur i bhfeidhm. Ba cheart do gach PRR Foireann Cumarsáide agus pearsanra oilte a bhunú chun gníomhú mar urlabhraithe.

28. Ní mór do Ranna agus do ghníomhaireachtaí breithniú a dhéanamh ar na riachtanais maidir le hionad éigeandála do na meán a bhunú go lárnach nó ag an suíomh den eachtra éigeandála.

29. Beidh ar Ranna agus ar ghníomhaireachtaí pleanáil d'fhreagairt na meán ag na leibhéil Áitiúla agus Náisiúnta araon agus ba chóir go gcuirfí faoi deara go bhfuil ról shoiléire agus dhifriúla ann do bhaill foirne cumarsáide ag na leibhéil Áitiúla agus Náisiúnta.

30. Ba chóir go mbeadh pleanáil cumarsáide éifeachtach:

- a) a bheith curtha san áireamh i ngach ullmhúchán roinne / gníomhaireachta le haghaidh éigeandálaí, lena n-áirítear cleachtaí suntasacha.
- b) a bheith curtha san áireamh i ngach plean teagmhasach roinne / gníomhaireachta, agus.
- c) a bheith i gcomhréir le prionsabal na Príomh-Roinne Rialtais agus lena chur i bhfeidhm.

31. Ba chóir liosta d'ainmneacha, uimhreacha teileafóin agus sonraí teagmhála eile a choinneáil ar leithligh agus a chur i gceangal le pleananna, seachas iad a ionchorprú isteach sa phríomhchorp de na cáipéisí seo. Éascóidh sé seo nuashonruithe leanúnacha a theastaíonn ó scor, athruithe ar phoist srl.

32. Ní mór do Phlean Cumarsáide de gach PRR (*mar a shainithnítear in Iarscríbhinn A de Bhainistíocht Straitéiseach Éigeandála - Struchtúir agus Creat Náisiúnta*) a bheith sách láidir chun déileáil go cuimsitheach le gach gné de cheisteanna / fiosrúcháin a fhéadfar a dhéanamh le linn na freagartha agus téarnaimh de theagmhas éigeandála

Cumarsáid le linn na Freagartha

33. Le linn éigeandála ina mbíonn gné leibhéal náisiúnta i gceist, ní mór don PRR chomh maith leis na ranna tacaíochta eile, a ngníomhaireachtaí agus an GNCE¹, má dhéantar é a ghníomhú, ábalta:

- a. An oiread eolais agus sonraí ábhartha is féidir a bhailiú agus a chur le chéile.
- b. Gach faisnéis phoiblí agus gníomhartha sna meáin a chomhordú le:
 - (1) An SER;
 - (2) Gníomhaireachtaí Áitiúla, amhail An Garda Síochána, FSS agus Údaráis Áitiúla, atá ag freagairt don éigeandáil ag an leibhéal áitiúil / réigiúnach;
 - (3) Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile ar an leibhéal náisiúnta; agus
 - (4) ar leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear an AE, más cuí
- c. Faisnéis a roinnt leis an bpobal agus leis na meáin chumarsáide ag baint úsáide as na bealaí cuí uile
- d. Monatóireacht a dhéanamh ar aschur na meán (lena n-áirítear na meáin shóisialta) agus imoibriúcháin phoiblí.
- e. Teachtaireachtaí a choigeartú agus aghaidh a thabhairt ar mhífaisnéis mar is gá.

¹ Aguisín 10 de Cháipéis Iarscríbhinní Creatlaí MEM ar fáil ag www.mem.ie

Sreabhadh Cumarsáide agus Faisnéise Oibriúcháin

34. Is é cuspóir de gach cumarsáid oibriúcháin ná faisnéis fhíriciúil a tharchur go cothrománach (lena heagraíocht féin) agus go hingearach (le húdarás níos airde agus eagraíochtaí níos faide síos an t-slabhra). Tá faisnéis fhíriciúil rithábachtach chun eolas a dhéanamh ar chinnteoireacht ag gach leibhéal, agus tá sé tábhachtach tuairiscí 'feasachta faoi staid' a chur ar fáil d'údaráis a bhféadfadh ról a bheith acu, ach nach bhfuil baint dhíreach acu le bainistíocht oibriúcháin de theagmhais éigeandála.

Saintréithe de chumarsáid oibriúcháin éifeachtach

35. Meastar gur saintréithe riachtanacha de chumarsáid éifeachtach iad seo a leanas:

- a. **Tráthúil:** go gcuirtear an fhaisnéis in iúl nuair a bhíonn sé sách reatha chun eolas a thabhairt d'aon chinntí a chaithfear a ghlacadh.
- b. **Gonta:** go bhfuil an fhaisnéis riachtanach ann go gonta gan mionsonraí gan ghá agus i dteanga a bhfuil éasca le tuiscint.
- c. **Iomlán:** tá an fhaisnéis riachtanach go léir ann.
- d. **Cruinn:** ba cheart don fhaisnéis a bheith cruinn agus ní mór é a tharchur ach amháin nuair a fhóraítear é. Ba chóir insint más meastacháin iad.

Bainistíocht Faisnéise


36. Caithfear aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht faisnéise agus ní mór í a nascadh go cuí ag gach leibhéal éigeandála, mar atá léirithe sa Phróiseas Sreafa Faisnéise i bhFigiúr 2.

Is treoir úsáideach eile iad Córais Bainistíochta Faisnéise den Chreat MEM¹ agus féadfaidh ranna agus gníomhaireachtaí nach bhfuil baint dhíreach acu leis an gCreat MEM iad a oiriúnú agus a úsáid.

Tuairisc ar Staid Bainistíochta Éigeandála (SitRep)

37. Is cáipéis teimpléid í an Tuairisc Staide um Bhainistíocht Éigeandála (SitRep), mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn B, a ceapadh chun soláthar den fhaisnéis riachtanach ó Ghrúpa Comhordaithe Áitiúil a éascú go dtí an chéad

leibhéal cúigé. Ba chóir an SitRep a tharchur trí na modhanna a bhfuil an fáil is mó orthu agus ba cheart iad a chur isteach sna córais faisnéise roinne / gníomhaireachta a luaithe is féidir, agus a tharchur trí ríomhphost ina dhiaidh sin. Tá meicníochtaí SitRep nó tuairiscithe eile atá in úsáid cheana féin luachmhar freisin chun an PRR, atá freagrach as an bhfaisnéis a scaipeadh, a chur ar an eolas.



Figiúr 2: An Próiseas Sreafa Faisnéise

Na SitRepanna a Chomhdhlúthú

38. Ba cheart go gcabhródh na SitRepanna, nuair a bheidh siad comhdhlúite, le tuarascáil iar-éigeandála an PRR chuig an Rialtas a ullmhú, agus ba cheart go gcabhródh sé freisin leis an GNCÉ a chur ar an eolas, más rud é go dtionólfar é.

Tacaíochtaí ar fáil do Ranna

39. Mar Chathaoirleach ar an GNCÉ, tionólfadh an Phríomh-Roinn Rialtais Grúpa Cumarsáide Éigeandála chun cuidiú le freagraí an phobail agus na meán a bhainistiú.

40. Ba chóir don Fhoghrúpa seo an saineolas atá ar fáil ón GIS a threisiú agus ba chóir go dtarraingeofaí ar na tacaíochtaí atá ar fáil ó ranna agus ó ghníomhaireachtaí eile.

41. Tá ról thábhachtacha ag an GIS maidir le cuidiú le ranna agus le gníomhaireachtaí, go háirithe le PRRanna, chun pleanáil agus déileáil le héigeandálaí mar atá leagtha amach in ailt 12-17,

42. Ba cheart do PRRanna, le tacaíocht ón GIS agus an OEP, oiliúint rialta a sholáthar d'oifigigh agus a gcuid Pleananna Cumarsáide a chur i gcleachtas chun déileáil le gnéithe cumarsáide poiblí agus na meán maidir le bainistíocht éigeandála.

Ábhar Breise

43. Ba cheart don OEP, tríd an GTF, prótacail agus pleananna breise a fhorbairt lena n-áirítear prionsabail ghníomhaíochta, tacaíochtaí oiliúna agus seicliostaí. Cuirfear iad seo i gceangal leis an doiciméad Treoirlínte BSÉ seo de réir agus a fhorbraítear iad.

44. Ba cheart go mbeadh na Treoirlínte BSÉ, uair agus atá siad formhuinthe ag an GTF, a bheith ina dhoiciméad "beo", a leanfaidh ar aghaidh le eolas a thabhairt do Straitéisí agus Pleananna Cumarsáide agus a athróidh le himeacht ama, go háirithe ó na ceachtanna a foghlaimíodh tar éis teagmhais agus cleachtaí éigeandála.

Iarscríbhinn A: Ullmhú Córasach do Chumarsáid Éigeandála - Seicliosta

Toimhde: Ba cheart go mbeadh pearsanra ainmnithe ag Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha chun na príomhróil nó róil éagsúla a líonadh. Ba chóir na pearsanra seo (agus a gcuid malartacha) a bheith oilte agus go bhfuil cleachtadh rialta déanta acu maidir lena gcuid róil agus freagrachtaí.

Aguisín 1 d'Iarscríbhinn A - Seicliosta Réamhphleanála:

1. Cén chaoi a gcuirtear an roinn / an ghníomhaireacht ar an eolas faoi éigeandálaí?
2. Cé a chinneann Plean / Nósanna Imeachta Éigeandála a ghníomhachtú, lena n-áirítear an Plean Cumarsáide?
3. Cén chaoi a gcuirtear an cinneadh sin in iúl do phríomhphearsanra go himheánach agus go seachtrach (24/7)?
4. Cén áit a dtagann príomh-phearsanra le chéile (nó conas a dhéanann siad comhdháil físe / fuaime)?
5. Cad iad na ráitis tosaigh, na preasráitis agus an chomhairle phoiblí a eisítear roimh chruinniú GNCÉ agus cén chaoi a ndéantar iad a ghlanadh (*ba cheart go dtugtar aghaidh air seo sna Pleananna Cumarsáide*)?
6. Cén chaoi a mbailítear faisnéis go himheánach agus ó phríomhghníomhaireachtaí / príomheagraíochtaí seachtracha, is é sin, cé hiad na pointí teagmhála criticiúla agus cén áit ina bhfuil siad?
7. Cén chaoi a gcuirtear cinntí in iúl, go himheánach agus go seachtrach?
8. An féidir le córais chumarsáide agus faisnéise inmheánacha na roinne / gníomhaireachta déileáil leis an ualach breise a bhaineann le héigeandáil?
9. Cén páirt a bheidh ag baill foirne na ranna / gníomhaireachta i dteagmhas éigeandála, agus cén chaoi a gcuirtear iad siúd, nach bhfuil baint dhíreach acu leis, ar an eolas de réir agus a fhorbraíonn an staid?
10. Cén chaoi a n-eagraítear agus a mbainistítear an próiseas Bainistíochta Faisnéise (cé a dhéanann é agus cén áit?) - Áirítear leis seo idirghníomhú leis an bpróiseas Bainistíochta Faisnéise ag cruinniú an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála san Ionad Náisiúnta um Chomhordú Éigeandála?
11. Cé hé a bheidh i gceannas do Bhainistíocht Cumarsáide agus na Meán agus cén chaoi a ndéantar acmhainní breise, más gá, a aithint agus a chur ar fáil dó / di le linn éigeandálaí (go háirithe lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre)?
12. Cén chaoi a bhfuil Bainistíocht Cumarsáide agus na Meán comhtháite leis an bpróiseas bainistíochta éigeandála
13. Cad iad na príomhphróisis agus na príomhnósanna imeachta laistigh de Bhainistíocht Cumarsáide agus na Meán? I dtéarmaí:
 - a) Rannpháirtíocht san Fhoireann Bainistíochta Éigeandála roinne / gníomhaireachta (nó, ar a laghad, idirchaidreamh leis an gCathaoirleach)
 - b) Idirchaidreamh le feidhmeanna cumarsáide i bpríomhghníomhaireachtaí / príomheagraíochtaí seachtracha, i ranna eile agus san GIS
 - c) An lucht féachana/éisteachta spríce a aithint agus na meáin is oiriúnaí i ngach cás
 - d) Preasráitis Rialtais, Aireachta agus Roinne a ullmhú
 - e) Na preasráitis sin a cheadú
 - f) Ainmniú de phríomh-urlabhraí (i)
 - g) Comhdhálacha preasa Rialtais, Aireachta nó ranna a eagrú
 - h) Monatóireacht ar na Meáin (lena n-áirítear na Meáin Shóisialta)

Aguisín 1 d'Iarscríbhinn A - Seicliosta Réamhphleanála (ar leanúint):

Nuair is é an roinn an PRR:

14. Smaoinigh ar na tacaíochtaí a bheidh ag teastáil ó Chathaoirleach an GNCÉ, agus é i gcomhairle leis an OEP agus GIS, go himheánach agus ó ranna / gníomhaireachtaí eile araon.
15. Smaoinigh ar an gcaoi ar chóir don PRR próiseas Bainistíochta Faisnéise a threorú ag an GNCÉ (i gcomhairle leis an OEP agus an GIS).
16. Smaoinigh ar cén uair ar chóir do Chathaoirleach an GNCÉ an Ghrúpa Cumarsáide Éigeandála a thionól.
17. Cén chaoi a gcoimeádfar idirchaidrimh idir an roinn agus a hionadaithe ag an GNCÉ (smaoineamh go hiomlán ar na hidirnasálacha TF idir ranna agus an NECC).
18. Conas a chuirfidh daoine eile faisnéis ar fáil don Chathaoirleach agus don GNCÉ agus conas a dhéanfar é seo a bhainistiú agus a scaipeadh tuilleadh.
19. A chinntiú go ndéantar na ceanglais sin a dhoiciméadú i bPlean Cumarsáide an PRR agus go bhfuil sé comhaontaithe le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon. (D'fhéadfadh go mbeidh gá le MOUanna / SLAnna).

Nuair nach é an roinn an PRR:

20. Smaoinigh ar an gcaoi a gcaithfidh an roinn idirghníomhú leis an bpróiseas Bainistíochta Faisnéise agus Bainistíochta Cumarsáide agus na Meáin ag an GNCÉ agus níos sonraí leis an PRR agus le haon Ghrúpa Cumarsáide arna bhunú ag an PRR le linn éigeandála.
21. A chinntiú go ndéantar na ceanglais sin a dhoiciméadú i bPlean Cumarsáide an na roinne/gníomhaíochta tacaíochta agus go bhfuil sé comhaontaithe le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon, go háirithe leis an PRR. (D'fhéadfadh go mbeidh gá le MOUanna / SLAnna)

Aguisín 2 d'Iarscríbhinn A - Seicliosta Cumarsáide do PRR:

1. Ba cheart gníomhaíochtaí na Príomh-Roinne Rialtais (PRR) a bhaineann le cumarsáid le linn éigeandála a fhorbairt agus a dhoiciméadú ag na céimeanna pleanála sa Straitéis agus Plean Cumarsáide de chuid na PRRanna agus ba chóir go n-áireofaí:
 - a. Leibhéal chúil d'fhoireann oiriúnach agus oilte a chinntiú chun oibriú leis an bhFoireann Cumarsáide:
 - (1) uainchláir foirne a bhunú ionas go mbeidh an Fhoireann Cumarsáide ag oibriú i gcónaí
 - (2) socrúithe comhcheangailte a bhunú (más gá)
 - b. A chinntiú go gcomhaontaítear agus go bhfuil fáil ar theimpléid oiriúnacha le haghaidh ráitis tosaigh agus leantacha, go háirithe le haghaidh luathchéimeanna de theagmhas éigeandála.
 - c. A chinntiú go bhfuil comhairle soiléir phoiblí á heisiúint ag céim luath, fiú amháin más rud é gur seasamh sealadach é ag feitheamh ar chruinniú an GNCÉ.
 - d. Ba cheart go gcuirfear fhaisnéis agus comhairle phoiblí in iúl ar bhealach cuí do dhaoine neamhnáisiúnaithe, cuairteoirí / turasóirí agus do dhaoine leochaileacha.
 - e. Ábhar faisnéise ábhartha a thiomsú; cruinnithe faisnéise tosaigh agus leanúnacha a ullmhú do na meáin agus do gheallsealbhóirí eile;
 - f. Cruinnithe faisnéise sainiúla a ullmhú don Taoiseach, don Rialtas agus d'Airí agus d'oifigigh shinsearacha, go háirithe dóibh siúd atá le feiceáil ar an líne tosaigh;
 - g. Teagmháil dhlúth a dhéanamh leis an bPríomh-Aire agus leis an Rialtas maidir le faisnéisithe don Oireachtas agus do choistí gaolmhara;
 - h. Nuashonrú a dhéanamh ar shuíomh gréasáin na ranna agus cuntais na Meán Sóisialta;
 - i. Idirchaidreamh a dhéanamh go dlúth leis na ranna tacaíochta, an OEP agus an GIS;
 - j. Feasacht an phobail a ardú agus feachtais feasachta poiblí a réachtáil;
2. Comhordú dlúth a dhéanamh leis an GIS agus faoi chomhairle an GIS maidir le:
 - a. Monatóireacht ar na Meáin (lena n-áirítear na Meáin Shóisialta)
 - b. Creidiúnú a shocrú do na meáin de réir mar is gá
 - c. Ionad meán teagmhais a bhunú, más cuí agus ag brath ar scála na héigeandála
 - d. Comhdhálacha preasa a eagrú agus a bhainistiú
3. Ag déileáil leis na meáin, go háirithe na meáin idirnáisiúnta
 - a. Na teachtaireachtaí cumarsáide agus mionteagasc a chomhordú agus comhsheasmhacht agus cruinneas na dteachtaireachtaí a thugtar do na meáin agus don phobal a áirithiú
 - b. Infhaighteacht na n-urlabhraí ar an líne tosaigh atá ar fáil sa Phlean Cumarsáide a aithint agus dhaingniú; agus
 - c. Iarratais ar agallaimh a thiomsú agus a bhainistiú le saineolaithe, freagróirí, airí, srl.

Iarscríbhinn B: Tuairisc ar Staid Bainistíochta Éigeandála – SitRep

Tuairisc ar Staid Bhainistíochta Éigeandála – SitRep

STÁDAS: GLAS		Tuairisc Ghinearálta	
		Uimhir SitRep:	
Ainm Roinne/Gníomhaireachta	Oifig um Pleanáil Éigeandála	Eile:	
Dáta:			
Catagóir Éigeandála:	<ul style="list-style-type: none">• Ar bun• D'fhéadfadh tarlú• Ag teacht chun críche	Cur Síos :	
Staid Ghinearálta:	Is SitRep tástála é seo		
Staid Mheitéareolaíoch:			
Gníomhartha Glactha go dtí seo:			

Tuairiscí ó Shuíomhanna Sainiúla

Suíomh 1:	
Staid (suíomh 1)	
Prognóis/Réamhaisnéis (suíomh 1):	

Suíomh 2:
Staid (suíomh 2)

Prognóis/Réamhaisnéis
(suíomh 2):

Suíomh 3:
Staid (suíomh 3)

Prognóis/Réamhaisnéis
(suíomh 3):

Achoimre Ghinearálta agus Prognóis

Achoimre Ghinearálta:

--

Cuir Fiosrúcháin ar aghaidh chuig:

Pointe Teagmhála:

	Sonraí:	
--	---------	--

Scaipeadh:

Liosta Scaipthe:

--

Iarscríbhinn C: Dréacht-Theimpléad de Phlean Cumarsáide Éigeandála

Is iad na prionsabail atá mar bhunús le cumarsáid a bhaineann le haon éigeandála ar leibhéal náisiúnta ná faisnéis agus comhairle thráthúil, ghonta, iomlán agus chruinn, agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le linn éigeandála ar bith.

Príomhfhachtóir : Suaimhneas a thabhairt don phobal agus aon imní agus mífhaisnéis neamhriachtanach a sheachaint.

Tá an **Plean Cumarsáide Éigeandála** seo éifeachtach sula ndéanfar Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (GNCE) a thionól agus ba cheart go ndéanfadh an Phríomh-Roinn Rialtais (LGD) fhreagrach é a athbhreithniú le linn éigeandála ar leibhéal náisiúnta.

Príomhphearsanra Teagmhála - Le cinneadh le Róil agus Freagrachtaí an PRR:

Ainm	Ról / Teideal	Ríomhphost	Fón soghluaiste
Príomh-Phearsanra de Chathaoirleach / Leas-Chathaoirleach na Roinne Rialtais	<i>Liosta a bheidh le cinneadh roimh ré ag an PRR agus é a choinneáil suas chun dáta, go háirithe le linn tréimhsí</i>		
An Grúpa Náisiúnta	Cathaoirleach:		
An Grúpa Náisiúnta	Leas-Chathaoirleach:		
Príomh-Urlabhraí ar an Líne Tosaigh	1. 2. 3.		
Seirbhís Faisnéise an Rialtais (GIS)	<i>Liosta a bheidh le cinneadh roimh ré ag an GIS agus é a choinneáil suas chun dáta, go háirithe le linn tréimhsí d'ardriosca.</i>		
	Preasrúnaí an Rialtais, DOT		
	GIS, DOT		
Oifigeach Dleachta	GIS, DOT	government.press.office@taoiseach.gov.ie	087 2531675 (guth amháin)
Oifigigh Phreasa agus Faisnéise an PRR & Gníomhaireachtaí Tacaíochta (Bainisteoirí san áireamh le haghaidh an Ghréasáin agus na Meán Sóisialta)	<i>Liosta a bheidh le cinneadh roimh ré ag an PRR agus é a choinneáil suas chun dáta, go háirithe le linn tréimhsí d'ardriosca.</i>		

Cásanna Éigeandála Féideartha ar Leibhéal Náisiúnta:

Déanann gach PRR iad sin a chinneadh bunaithe ar a bPríomhróil agus a bPríomhfhreagrachtaí atá leagtha amach in **Iarscríbhinn A** den cháipéis **Bhainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúir agus Creat Náisiúnta**.

- 1) Ní mór do gach ceann de na Príomhróil agus na Príomhfhreagrachtaí a chur ar liosta ar leithligh.
- 2) D'fhéadfadh go mbeadh gá le **Plean Cumarsáide Éigeandála** ar leithligh do gach cás, ós rud é go bhféadfadh freagrachtaí laistigh de PRRanna athrú ó chás amháin go cás eile. (*m.sh. Déileálann Rannóg ar leithligh laistigh de Roinn le Cibearbhagairtí agus déileálann Rannóg eile sa Roinn chéanna le Cur Isteach de bharr Ola.*)

Ní mór don phríomhphearsanra teagmhála a bheith liostaithe agus ní mór é a choinneáil cothrom le dáta. Cé gur cosúil é go dtiocfadh an fhaisnéis tosaigh maidir le héigeandáil ar leibhéal náisiúnta ó bhall amháin nó níos mó den ghrúpa thuasluaite - d'fhéadfaí faisnéis teacht as aon fhoinsé. Ní mór don phríomhphearsanra teagmhála **a chur ar an eolas, gan mhoill, nuair a bhíonn éigeandála den sórt sin ar siúl**. Caithfidh an PRR é seo a dhéanamh i gcomhthreo leis an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (GNCE) a thionól tríd an Oifig um Phleanáil Éigeandála (OEP).

Ní mór don phríomhghrúpa teagmhála, don PRR ná don GNCE na ráitis go léir a shíniú maidir le cásanna éigeandála den sórt sin sula bhfoilseofar iad. B'fhéidir go ndéanadh é seo sula ndéanann an PRR an GNCE a thionól, go háirithe má tá eachtra éigeandála luath ag teacht chun cinn. I gcásanna den sórt sin beidh ar an PRR a rogha féin a fheidhmiú i gcomhairle leis an mbainistíocht shinsearach agus leis na hAíre agus leis an GIS.

Uair agus a ghlacann an PRR an cinneadh maidir le cruinniú den GNCE a thionól, tionóltar é a luaithe is féidir san Ionad Náisiúnta um Chomhordú Éigeandála (NECC), Teach Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, BÁC 2, de réir an *SEM 1 - Treoirlínte maidir leis an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála*. Is í an Oifig um Phleanáil Éigeandála a sheolfaidh an fógra maidir le cruinniú an GNCE a thionól trí theachtaireacht téacs, ríomhphoist agus SMS. Ag an am céanna, féadfar fógra a thabhairt do Ghrúpa Cumarsáide Éigeandála chun teacht le chéile ar fhógra an-ghéarr chomh maith leis an GNCE sa NECC.

Ní mór do Ranna / Gníomhaireachtaí a chinntiú go gcuireann gach duine faoina sainchúram cibé faisnéis in iúl trí na bealaí cuí. **Ní mór sreabhadh faisnéise leis an bpobal agus / nó na meáin a chomhaontú agus a cheadú ag an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála nó go díreach tríd an bpríomhphearsanra teagmhála atá liostaithe thuas nó ag an Aire / Roinn fhreagrach.**

Ar deireadh thiar beidh an PRR freagrach as aon chumarsáid phoiblí, scaipeadh faisnéise agus teachtaireachtaí a bhainistiú.

Ní mór do GACH ráiteas a bheith ceadaithe ag an bPríomh-Roinn Rialtais (PRR) agus ag an GIS. Ba cheart "Ráitis Shealadacha" nó "Ráitis Thosaigh" réamh-ullmhaithe a ullmhú i bhfad roimh ré agus go mbeadh na meicníochtaí maidir le seachadadh comhaontaithe leis an LGD agus GIS. Ba cheart go gcuirfí in iúl láithreach d'Aíre agus don Taoiseach go n-eiseofar ráitis den sórt sin agus go gcuirfí faisnéisiú orthu chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin, más gá.

Ba cheart go mbeadh dréachtráitis tosaigh ag an Roinn / Gníomhaireachtaí a ullmháidh roimh ré ina bhfuil míniú soiléir ar na fíricí leagtha amach - cad a tharla nó a bhfuiltear ag súil leis go dtarlóidh, cé atá freagrach as an freagra a threorú agus cad iad na céimeanna féideartha eile. Ba cheart go gcuimseofaí suaimhneas sna ráitis i dtaobh na bhfreagraí atá á ndéanamh agus ba chóir go léiróidís cur chuige uile-Rialtais.

Éilítear ar shainurlabhraí ainmnithe eolas agus suaimhneas a thabhairt:

Is cosúil go mbeidh cumarsáid phoiblí, go príomha, laistigh de phríomhfhreagracht na Roinne Rialtais agus díobh siúd a bhfuil na príomhróil tacaíochta cumarsáide acu.

Mar sin féin, ba cheart go mbeadh gach roinn / gníomhaireacht Rialtais, a d'fhéadfadh páirt a bheith acu, ar an eolas go hiomlán agus go bhféadfadh sí faisnéis a chur ar fáil do na meáin / don phobal agus don Rialtas laistigh dá sainchúraimí sainiúla. Éileofar leis seo ráitis, teachtaireachtaí agus faisnéisithe a bheith ullmhaithe roimh ré agus cleachtadh rialta déanta orthu, ionas go bhféadfaidís iad a úsáid le linn mór-éigeandála tromchúisí a bhfuil gá le freagra ar leibhéal náisiúnta.

Príomhoifigigh Phreasa agus Fhaisnéise:

Ba chóir go mbeadh na Príomh-Oifigigh Preasa agus Faisnéise ainmnithe ag gach roinn / gníomhaireacht, go háirithe i rith tréimhsí riosca aitheanta, amhail ag tús an gheimhridh nó nuair a bhíonn rabhadh drochaimsire ann. Caithfidh teachtaí oiriúnacha a bheith i bhfeidhm freisin mura bhfuil an príomhoifigeach freagrach ar fáil. Tá na hoifigigh seo ina gcéad phointe teagmhála chun déileáil le fiosrúcháin phoiblí agus na meáin agus chun an Grúpa Cumarsáide Éigeandála gaolmhar a thionól i gcomhar leis an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála a thionól. Ní mór don duine sin nó dá teachta a bheith ar fáil chun glaonna a ghlacadh nó freastal ar chruinnithe (de réir mar is gá) lasmuigh d'uaireanta agus ag an deireadh seachtaine agus ba chóir go mbeadh oiliúint agus cleachtadh cuí acu don ról seo.

Prótacal Náisiúnta Craolacháin:

Leis an bPrótacal Náisiúnta Craolacháin, tugtar aghaidh ar na ceanglais don PRR chun craoladh éigeandála ar leibhéal náisiúnta a thionscnamh agus a eisiúint faoi théarmaí sonracha d'Ailt 61 agus 122 den Acht Craolacháin 2009. Prótacal ar leithligh agus rúnda é seo agus níl sé beartaithe é a úsáid nó a bheith riachtanach ach amháin sna himthosca is tromchúisí. Mar sin féin, beidh ar na PRRanna a bheith ar an eolas faoi fhorálacha an Achta Craolacháin agus a gcuid freagrachtaí más rud é go mbeadh gá le craoladh tromchúiseach dá leithéid a eisiúint. Arís, ba cheart go ndéanadh na PRR breithniú ar chásanna féideartha a gcaithfí dul i ngleic leo agus d'fhéadfadh teachtaireachtaí teimpléid Náisiúnta Craolta ullmhaithe roimh ré acu chun iad a eisiúint má bhíonn gá le cinneadh dá leithéid a dhéanamh.

Na Meáin Shóisialta:

Chomh maith le craoltóireacht traidisiúnta (Raidió / Teilifís) agus na meáin chlóite, ní mór béim bhreis a chur, nuair a dhéantar monatóireacht agus seirbhísí ar an idirlíon, go háirithe ar Twitter, ar Facebook agus ar ardáin meán sóisialta eile, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar imoibriú intíre agus idirnáisiúnta ar éigeandálaí náisiúnta a tharlaíonn in Éirinn. Caithfear bainistiú cúramach a dhéanamh ar fhoilsiú ráiteas thar na meáin shóisialta agus ní mór dóibh nósanna imeachta comhaontaithe a leanúint bunaithe ar na Pleananna Cumarsáide sin. Mar sin féin, d'fhéadfadh na héilimh ar fhaisnéis láithreach agus leanúnach thar na meáin shóisialta a bheith dúshlánach chomh maith leis an ngá atá le mífhaisnéis a cheartú agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí brúnna déine ar an PRR. Ba cheart, dá bhrí sin, cúnaimh cuí a lorg ag céim luath chun na gníomhartha seo a bhainistiú agus a thacú, go háirithe le linn na tréimhse freagartha. Éilíonn sé seo straitéis ar leith maidir leis na meáin shóisialta laistigh de na Pleananna Cumarsáide sin

Athbhreithniú:

Ba cheart don Fhoghrúpa GTF ar Chumarsáid athbhreithniú a dhéanamh go rialta agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna eile a d'fhéadfadh cur san áireamh sa theimpléad den Phlean Cumarsáide Éigeandála seo. Ní mór do na PRRanna freagracha gach teimpléad cáis a shíniú ar leibhéal sinsearach laistigh de gach roinn / gníomhaireacht agus leis an GIS. Ba cheart do gach PRR athbhreithniú rialta a dhéanamh ar Phleananna Cumarsáide Éigeandála agus iad a chur i gcleachtas lena chinntiú go bhfuil siad ceart, cothrom le dáta agus oiriúnach don chuspóir agus go háirithe go bhfuil an pearsanra a bhfuil baint aige lena chur chun feidhme dea-oilte agus cothrom le dáta maidir lena cur i bhfeidhm le linn éigeandála ar leibhéal Náisiúnta agus go bhfuil siad ar an eolas go hiomlán maidir lena ról agus lena bhfreagrachtaí.

Teideal:	Treoirlíne um Bhainistíocht Straitéiseach Éigeandála 2 - Cumarsáid Éigeandála		
Ullmhaithe ag:	An Oifig um Pleanáil Éigeandála (OEP) agus Seirbhís Faisnéise an Rialtais (GIS)		
Glactha ag:	Tascfhórsa an Rialtais um Phleanáil Éigeandála		
Leagan:	1.0	Dáta Faofa:	12/01/2018



An Roinn Cosanta
Department of Defence

Ceadaithe ag Tascfhórsa an Rialtais um Phleanáil Éigeandála - 12 Eanáir 2018 .

<p>An Oifig um Pleanáil Éigeandála An tIonad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála Teach Talmaíochta (2 Thoir) Sr. Chill Dara Baile Átha Cliath 2</p> <p>R-Phost: oe@defence.ie Teileafón: 00353 1 237 3800 Láithreán Gréasáin: www.emergencyplanning.ie</p>	<p>An Oifig um Phleanáil Éigeandála An tIonad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála Teach Talmhaíochta Sráid Chill Dara Baile Átha Cliath 2</p> <p>Ríomhphost: oe@defence.ie Teileafón: 00353 1 237 3800 Suíomh Gréasáin: www.emergencyplanning.ie</p>
--	--



Arna chlóg ag DF Printing Press

